CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1513 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Meán Fómhair 2022

maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal "Oidhreacht Tuaithe, Slándáil Bia agus Soláthar Bia an Aontais Eorpaigh a chosaint", de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 6193)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuireadh iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal "Oidhreacht Tuaithe, Slándáil Bia agus Soláthar Bia an Aontais Eorpaigh a chosaint" faoi bhráid an Choimisiúin an 13 Iúil 2022.

(2) Is iad seo a leanas cuspóirí an tionscnaimh mar a chuir na heagraithe in iúl iad: "Tá réigiúin thuaithe na hEorpa ag cailleadh a n-oidhreachta, a dtionscal, a ndaonraí agus a luachanna — rud a chuireann slándáil agus soláthar bia ar fud an Aontais i mbaol. Chun an méid a dhéanann na réigiúin sin uathúil a chaomhnú do na glúine atá le teacht agus chun buaine na bpobal táirgthe bia san Aontas a áirithiú, teastaíonn tiomantas athnuaite ón Aontas uainn maidir le cur chun cinn na hoidhreachta réigiúnaí, fás inbhuanaithe tuaithe agus ardú caighdeán maireachtála. Leis an Tionscnamh Eorpach seo ó na Saoránaigh, iarrtar ar an Aontas a ghealltanais tuaithe a nuachóiriú chun aird a thabhairt ar an ngá atá le breis slándála bia, soláthar breise ábhar talmhaíochta agus cosaint bhreise do shaol na tuaithe — a mhuintir, a luachanna agus a slite beatha."

(3) In iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh, chun tuilleadh sonraí thabhairt maidir le hábhar, cuspóirí agus cúlra an tionscnaimh, leagtar amach na cúiseanna chun tacú leis an tionscnamh agus tugtar mionsonraí faoi na cúiseanna sin. Maíonn na heagraithe "go bhfuil ag méadú ar an mbrú ar earnálacha tuaithe agus orthu siúd a oibríonn iontu agus go bhfuil ag laghdú ar an spreagadh le leanúint ar aghaidh, rud a fhágfaidh, mura dtabharfar aghaidh air, go ndíothófar cuid de na pobail agus na luachanna is bunúsaí san Eoraip". Iarrann siad ar an gCoimisiún togra a thíolacadh, laistigh de na hinniúlachtaí a thugtar don Aontas faoi na Conarthaí, chun an oidhreacht réigiúnach agus na tionscail réigiúnacha a neartú agus a chaomhnú ar fud an Aontais chun borradh a chur faoin bhfás tuaithe agus chun cleachtais agus gníomhaíochtaí fostaíochta tuaithe a chur chun cinn. Ina theannta sin, iarrann siad go dtabharfaí aitheantas do shlándáil agus soláthar bia, amhail leasachán agus ábhair bhithgháis, chun soláthar láidir de bhia réigiúnach a choinneáil ar bun san Aontas. Iarrann siad ar an gCoimisiún cur chun cinn na hoidhreachta tuaithe agus aitheantas do shlándáil agus soláthar bia a áireamh sa Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus luann siad gur gá raon feidhme na físe fadtéarmaí do cheantair thuaithe an Aontais a mhéadú go dtí 2040, an Comhshocrú Tuaithe chomh maith le Plean Gníomhaíochta Tuaithe an Aontais ([2]).

(4) I gcomhréir le cuspóirí an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) arna mbunú le hAirteagal 39 den Chonradh, leis an Rialachán maidir le pleananna straitéiseacha CBT ([3]), saothraítear na cuspóirí ginearálta chun earnáil talmhaíochta atá cliste, iomaíoch, athléimneach agus éagsúlaithe a chothú lena n-áiritheofar slándáil fhadtéarmach bia, lena dtacófar le cosaint an chomhshaoil agus lena neartófar an chosaint sin, agus lena neartófar creatlach shocheacnamaíoch na limistéar tuaithe ([4]). Sa mhéid nach gcumhdaítear le Rialachán (AE) 2021/2115 na cuspóirí den tionscnamh a bhaineann le cosaint oidhreacht tuaithe agus shlándáil agus sholáthar bia an Aontais, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún togra le haghaidh gníomh dlí a thíolacadh ar bhonn Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) den Chonradh.

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 55.

([2]) Ina Theachtaireacht The long-term Vision for the EU's Rural Areas up to 2040 [Fís fhadtéarmach do cheantair thuaithe an Aontais suas go dtí 2040] (COM/2021/345 final), ar teachtaireacht í a tíolacadh an 30 Meitheamh 2021, d'fhógair an Coimisiún an Comhshocrú Tuaithe agus an Plean Gníomhaíochta Tuaithe. Tá tuilleadh eolais faoi na gníomhaíochtaí sin le fáil ar: https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/new-push-european-democracy/long-term-vision-rural-areas_en

([3]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

([4]) Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2021/2115.

(5) Ar na cúiseanna sin, níl aon chuid den tionscnamh lasmuigh, go follasach, de chreat chumhachtaí an Choimisiúin chun togra le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais a thíolacadh chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(6) Is conclúid é sin atá gan dochar don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha substainteacha is gá le go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht le cearta bunúsacha.

(7) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa eagraithe go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788 agus gur i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin atá na teagmhálaithe ainmnithe aige.

(8) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal "Oidhreacht Tuaithe, Slándáil Bia agus Soláthar Bia an Aontais Eorpaigh a chosaint" a chlárú.

(10) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní rud í a thugann le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar bhealach ar bith go bhfuil ábhar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is é grúpa eagraithe an tionscnaimh amháin atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann ábhar an tionscnaimh ach tuairimí an ghrúpa eagraithe in iúl, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Clárófar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal "Oidhreacht Tuaithe, Slándáil Bia agus Soláthar Bia an Aontais Eorpaigh a chosaint".

Airteagal 2

Grúpa eagraithe an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal "Oidhreacht Tuaithe, Slándáil Bia agus Soláthar Bia an Aontais Eorpaigh a chosaint", a bhfuil ionadaíocht á déanamh dó ag Česlovas TALLAT-KELPŠA agus Markus Valdemar SJÖHOLM, agus iad ag gníomhú mar theagmhálaithe, is chuig an ngrúpa sin a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Věra JOUROVÁ
Leas-Uachtarán an Choimisiúin